

Ar ais ar scoil

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaltaí scoile i nDún na nGall. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

- returning
- it could not be
- relief
- distance teaching
- distance learning
- on-screen
- truthful
- broadband
- urgent need
- Irish National Teachers' Organisation
- Easter

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.



Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair. Bain úsáid as na focail thuas agus na figiúirí seo a leanas chun cur síos a dhéanamh ar ábhar na míre.

320,000
260,000
60,000
140
33

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3

Anois, cum ceisteanna le cur ar an duine in aice leat faoi ábhar na míre. Mar shampla:

Cé mhéad dalta a chuaigh ar ais ar scoil inniu?

Ceist 4

Féach ar an sliocht thíos. Tá seacht séimhiú in easnamh ann. Lión isteach anois iad.

Siún Nic Gearailt

Chuaigh 320,000 dalta thar n-ais go dtí an seomra ranga inniu. Ina measc bhí 260,000 dalta bunscoile a bhí ag filleadh ar an seomra ranga den gcéad uair ó mí na Nollag. Chuaigh 60,000 dalta Ardteiste thar n-ais go dtí an seomra ranga leis inniu.

Ailbhe Ó Monacháin

140 dalta atá ag freastal ar Gairmscoil Chú Uladh anseo, i mBéal an Átha Móir, i nGaeltacht Láir Dún na nGall. Ní thioctadh leis an céad maidin den Mhárta a bheith níos deise don tríocha dalta Ardteiste a bhí ar ais anseo sa rang i ndiaidh 33 lá sa bhaile ó bhí an Nollaig ann.

Caoimhe Nic Fhloinn, Dalta Ardteiste, Gairmscoil Chú Uladh, Co. Dhún na nGall

Tá sé *actually* iontach deas a bheith ar ais agus na cairde go léir a fheiceáil arís. Nuair atá tú sa baile tá sé iontach deacair agus bíonn sé iontach leadránach an t-am ar fad. Ach, tá sé deas a bheith ar ais agus ach an duine a fheiceáil agus na múinteoirí uilig, agus a bheith ag caint le daoine arís.

Ailbhe Ó Monacháin

Faoiseamh atá ann do múinteoirí ar ndóigh, na daltaí a bheith ar ais os a gcomhair.

Ceist 5

Comhfhocail

‘... an cianteagasc ...’ vs ‘... an chianfhoghlaim ...’

1. Cén fáth a bhfuil dhá shéimhiú san fhocal ‘cianfhoghlaim’ agus nach bhfuil san fhocal ‘cianteagasc’?
2. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos chun comhfhocail a chruthú:

(sean)(teach): _____
(comh)(fuaim): _____
(bun)(cloch): _____
(dian)(obair): _____
(droch)(bail): _____
(fo)(teidil): _____

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do pháistí scoile a bheith ar ais ar scoil, dar leat?
2. Cén fáth nach bhfuil gach dalta scoile sa tír ar ais ar scoil?
3. Ar cheart do na scoileanna a bheith oscailte i rith an tsamhraidh i mbliana?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

returning – *ag filleadh*

it could not be – *ní thioctadh leis*

relief – *faoiseamh*

distance teaching – *cianteagasc*

distance learning – *cianfhoghlaim*

on-screen – *ar scáileán*

truthful – *fírinneach*

broadband – *leathanbhanda*

urgent need – *géarghá*

Irish National Teachers' Organisation – *Cumann Múinteoirí na hÉireann*

Easter – *an Cháisc*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Mar shampla:

Cé hiad na daltaí scoile a d'fhill ar an scoil?

Cé mhéad dalta bunscoile/Ardteistiméireachta a d'fhill ar an scoil?

Cá bhfuil Gairmscoil Chú Uladh?

Cé mhéad dalta a d'fhreastail ar an scoil sin inniu?

Cé mhéad lá a chaith na daltaí sa bhaile?

Cén fáth a ndúirt Caoimhe Nic Fhloinn go raibh sé an-deas a bheith ar ais ar scoil?

Cén fáth a bhfuil faoiseamh ar mhúinteoirí?

Cad a bhí le rá ag?

Cad a dúirt faoi?

Cén fáth a bhfuil géarghá le cúram dian sláinte?

Cathain a bheidh gach dalta scoile ar ais ar an scoil?

Ceist 4

Siún Nic Gearailt

Chuaigh 320,000 dalta thar n-ais go dtí an seomra ranga inniu. Ina measc bhí 260,000 dalta bunscoile a bhí ag filleadh ar an seomra ranga den gcéad uair ó mhí na Nollag. Chuaigh 60,000 dalta Ardteiste thar n-ais go dtí an seomra ranga leis inniu.

Ailbhe Ó Monacháin

140 dalta atá ag freastal ar Ghairmscoil Chú Uladh anseo, i mBéal an Átha Móir, i nGaeltacht Láir Dhún na nGall. Ní thioctadh leis an chéad mhaidin den Mhárta a bheith níos deise don tríocha dalta Ardteiste a bhí ar ais anseo sa rang i ndiaidh 33 lá sa bhaile ó bhí an Nollaig ann.

Caoimhe Nic Fhloinn, Dalta Ardteiste, Gairmscoil Chú Uladh, Co. Dhún na nGall

Tá sé *actually* iontach deas a bheith ar ais agus na cairde go léir a fheiceáil arís. Nuair atá tú sa bhaile tá sé iontach deacair agus bíonn sé iontach leadránach an t-am ar fad. Ach, tá sé deas a bheith ar ais agus achan duine a fheiceáil agus na múinteoirí uilig, agus a bheith ag caint le daoine arís.

Ailbhe Ó Monacháin

Faoiseamh atá ann do mhúinteoirí ar ndóigh, na daltaí a bheith ar ais os a gcomhair.

Ceist 5

1. Nuair a chuirtear dhá fhocal le chéile chun comhfhocal a chumadh, cuirtear séimhiú ar an dara focal, seachas **DTLSN**. Braitheann inscne an chomhfhocail ar an dara focal. Sa chás seo tá an focal 'foghlaím' baininscneach agus mar sin cuirtear séimhiú air.

2. Féach:
seanteach
comhfhuaim
bunchloch
dianobair
drochbhail
fotheidil

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Chuaigh 320,000 dalta thar n-ais go dtí an seomra ranga inniu. Ina measc bhí 260,000 dalta bunscoile a bhí ag filleadh ar an seomra ranga den gcéad uair ó mhí na Nollag. Chuaigh 60,000 dalta Ardteiste thar n-ais go dtí an seomra ranga leis inniu.

Ailbhe Ó Monacháin

140 dalta atá ag freastal ar Ghairmscoil Chú Uladh anseo, i mBéal an Átha Móir, i nGaeltacht Láir Dhún na nGall. Ní thiocfadh leis an chéad mhaidin den Mhárta a bheith níos deise don tríocha dalta Ardteiste a bhí ar ais anseo sa rang i ndiaidh 33 lá sa bhaile ó bhí an Nollaig ann.

Caoimhe Nic Fhloinn, Dalta Ardteiste, Gairmscoil Chú Uladh, Co. Dhún na nGall

Tá sé *actually* iontach deas a bheith ar ais agus na cairde go léir a fheiceáil arís. Nuair atá tú sa bhaile tá sé iontach deacair agus bíonn sé iontach leadránach an t-am ar fad. Ach, tá sé deas a bheith ar ais agus achan¹ duine a fheiceáil agus na múinteoirí uilig², agus a bheith ag caint le daoine arís.

Ailbhe Ó Monacháin

Faoiseamh atá ann do mhúinteoirí ar ndóigh, na daltaí a bheith ar ais os a gcomhair.

Ciarán Mac Ruaidhrí, Príomhoide Ghairmscoil Chú Uladh, Co. Dhún na nGall

Tá an cianteagasc agus an chianfhoghlaim ceart go leor le cúrsaí ar líne agus rudaí mar sin. Ach, do scoil ar bith agus do phobal ar bith, an bhfuil a fhios agat, caithfidh an pobal a bheith le chéile agus anois agus muid tagtha anseo anois inniu arís ar an chéad lá ar ais, tá an pobal sin le chéile arís anois inniu.

Pádraigín Ni Fhaoláin, Múinteoir Gnó, Gairmscoil Chú Uladh, Co. Dhún na nGall

Tá sé níos cóngaraí don rud atá nádúrtha dúinn mar mhúinteoir. Ag obair ar líne, tá sé deacair mar níl tú sa seomra céanna leis na daoine óga agus tá cuid mhór den chumarsáid a tharlaíonn idir daoine cailte ag obair ar scáileán. Ach, ag an am céanna, is maith an rud go raibh sé ann agus go raibh na háiseanna againn le bheith ábalta iad a theagasc ar líne. Ar ais sa seomra ranga tá sé i bhfad níos fearr, tá siad os do chomhair, tá tú ábalta cumarsáid níos fearr a bheith agat leo.

Éanna Ó Mainnín, Múinteoir Foirgníochta, Gairmscoil Chú Uladh, Co. Dhún na nGall

Níor chaill muid mórán ama ar bith le bheith fírinneach faoi. Tá a fhios agam, go leor de na ranganna sóisearacha a bhí agam, go raibh fadhbanna le go leor acu le leathanbhanda sna ceantair³ agus mar sin de agus sin ceann de na lochtanna is mó atá ar cheantair in iarthar na tíre.

Ailbhe Ó Monacháin

Deir Cumann Múinteoirí Éireann inniu go bhfuil géarghá anois le cúram dian sláinte sna scoltacha⁴ go háirithe agus cineálacha úra den víreas san aer. Tá súil ag na scoltacha uilig go mbeidh achan dalta ar ais sa rang ag an Cháisc.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4, i mBéal an Átha Móir, Co Dhún na nGall.

¹ *gach aon* an leagan caighdeánach

² *uile* an leagan caighdeánach

³ *ceantair* an leagan caighdeánach

⁴ *scoileanna* an leagan caighdeánach